**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha*
*An Cathaoirleach*

4.7.2023

Juan Fernando López Aguilar
Cathaoirleach
An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Ábhar: Tuairim maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le slándáil faisnéise in institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachaí an Aontais (COM(2022)0119 – C9-0121/2022 – 2022/0084(COD))

A Chathaoirligh, a chara,

Faoin nós imeachta dá dtagraítear thuas, iarradh ar an gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach tuairim a chur faoi bhráid do Choiste. Ag a chruinniú an 11 Bealtaine 2022, chinn Comhordaitheoirí an Choiste um Ghnóthaí Eachtracha an tuairim a sheoladh i bhfoirm litreach.

Ghlac an Coiste um Ghnóthaí Eachtracha an tuairim agus Urmas Paet ina Rapóirtéir le linn an chruinnithe a bhí ag an gCoiste an 27 Meitheamh 2023[1] agus d'iarr sé ar an gCoiste freagrach na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thuarascáil.

Is mise, le meas,

David McAllister

[1] Bhí na daoine seo a leanas i láthair ag an vótáil chríochnaitheach: David McAllister (Cathaoirleach), Witold Jan Waszczykowski (Leas-Chathaoirleach), Željana Zovko (Leas-Chathaoirleach), João Albuquerque, Alexander Alexandrov Yordanov, François Alfonsi, Maria Arena, Margrete Auken, Petras Auštrevičius, Traian Băsescu, Ioan-Rareş Bogdan, Anna Bonfrisco, Marc Botenga, Fabio Massimo Castaldo, Susanna Ceccardi, Włodzimierz Cimoszewicz, Katalin Cseh, Angel Dzhambazki, Cyrus Engerer, Anna Fotyga, Heléne Fritzon, Michael Gahler, Kinga Gál, Giorgos Georgiou, Markéta Gregorová, Irena Joveva, Rasa Juknevičienė, Karol Karski, Dietmar Köster, Andrey Kovatchev, Andrius Kubilius, Jean-Lin Lacapelle, Katrin Langensiepen, David Lega, Miriam Lexmann, Nathalie Loiseau, Antonio López-Istúriz White, Karsten Lucke, César Luena, Jaak Madison, Lukas Mandl, Thierry Mariani, Marisa Matias, Vangelis Meimarakis, Sven Mikser, Francisco José Millán Mon, Alessandra Moretti, Matjaž Nemec, Demetris Papadakis, Kostas Papadakis, Tonino Picula, Thijs Reuten, María Soraya Rodríguez Ramos, Bert-Jan Ruissen, Christian Sagartz, Nacho Sánchez Amor, Isabel Santos, Jacek Saryusz-Wolski, Mounir Satouri, Radosław Sikorski, Jordi Solé, László Trócsányi, Harald Vilimsky, Viola von Cramon-Taubadel, Thomas Waitz, Mick Wallace, Charlie Weimers, Isabel Wiseler-Lima, Salima Yenbou, Tomáš Zdechovský, Bernhard Zimniok, Marco Zullo.

## MOLTAÍ

Agus mearathruithe geopholaitiúla ann faoi láthair, mar aon le bagairtí nua atá ag teacht chun cinn, tá slándáil faisnéise an Aontais á cur i mbaol níos mó ná riamh. Is léiriú iad géarchéimeanna idirnáisiúnta gur gá do AE faisnéis inchreidte agus faisnéis ó bhunfhoinse a fháil maidir leis na bagairtí seachtracha atá ann faoi láthair agus a d'fhéadfadh a bheith ann don Aontas, chun go mbeidh sé in ann freagairt go tapa agus go héifeachtach, agus chun cosaint níos fearr a thabhairt dá leasanna thar lear agus dá shaoránaigh; Tá an cur isteach eachtrach agus an bhréagaisnéis ina mórchontúirt freisin do phróisis dhaonlathacha an Aontais agus ba cheart d'institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais na hacmhainní leordhóthanacha a fháil chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin nua sin.

Ó thaobh gnóthaí eachtracha agus slándála de, agus mar a cuireadh i bhfios go láidir i rúin éagsúla ón bParlaimint maidir le cur chun feidhme an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála (CBES) agus an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta (CBSC), ba cheart an fhaisnéis agus na doiciméid is gá a sholáthar don Pharlaimint ar bhealach trédhearcach agus tráthúil chun go bhféadfaidh sí a ról tábhachtach maidir le formhaoirseacht dhaonlathach a chomhlíonadh go cuí. Sin an fáth a bhfuil sé ríthábhachtach aicmiú, láimhseáil agus stóráil faisnéise rúnaicmithe AE agus faisnéise neamh-rúnaicmithe a neartú agus a chomhchuibhiú.

Is díol sásaimh don Rapóirtéir an togra tráthúil sin ón gCoimisiún, atá mar chuid de Straitéis an Aontais um an Aontas Slándála a ghlac an Coimisiún i mí Iúil 2020 mar is gá ardleibhéal slándála coiteann iomchuí a bheith ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais a mhéid a bhaineann le faisnéis rúnaicmithe AE agus faisnéis neamh-rúnaicmithe. Ina theannta sin, is díol sásaimh don Rapóirtéir go bhfuil sé i gceist leis an rialachán atá beartaithe sraith íosta rialacha a chruthú agus grúpa idirinstitiúideach um chomhordú slándála faisnéise a bhunú, atá ina chéim riachtanach i dtreo an chomhchuibhithe chun cur chun feidhme rianúil chultúr slándála faisnéise AE a áirithiú.

D'ainneoin na hiarrachta sin cosaint faisnéise in institiúidí, i gcomhlachtaí agus i ngníomhaireachtaí AE a éascú agus a chomhchuibhiú, ar iarracht í ar gheal leis an bParlaimint í, meabhraíonn sí go bhfuil géarghá le huasghrádú a dhéanamh ar an gcreat idirinstitiúideach maidir le rochtain na Parlaiminte ar fhaisnéis rúnda i réimse CBES/CBSC. Ina theannta sin, tá géarghá le malartú straitéiseach faisnéise a fhorbairt idir misin CBSC, go háirithe i measc misean sibhialta, idir sibhialtaigh agus lucht míleata agus idir an cheanncheathrú agus an láthair féin.

1. Ní mór na gnéithe thuasluaite maidir leis na sainchumais institiúideacha a shoiléiriú i gceart in Airteagal 32: cé gur prionsabal doshéanta é rialú an tionscnóra, ba cheart an téacs a fhoirmliú níos fearr mar níor cheart forlámhas a bheith aige ar shainchumais an Chonartha. Ba cheart Airteagal 54 a shoiléiriú tuilleadh freisin: i gcás na Parlaiminte, ní faoin gcaoi a bhfuil sé 'cruthaithe go bhfuil gá leis an malartú' é, ach faoin gcaoi ar '*ar bhonn an phrionsabail 'ar bhonn riachtanais eolais*'' é.

2. Ba cheart go soiléireofaí sa togra gur cheart go mbeadh rochtain ag Feisirí de Pharlaimint na hEorpa, de bhua a sainordaithe, ar an bhfaisnéis uile is gá de réir an phrionsabail 'ar bhonn riachtanais eolais' chun na cumhachtaí a thugtar dóibh leis na Conarthaí a fheidhmiú. Dá bhrí sin, ba cheart go n-áireofaí sa togra an mhír nua seo a

leanas (mar Leasú 3 ó thuairim ITRE):

*'(mír nua). Ba cheart rochtain a bheith ag comhaltaí institiúidí an Aontais, de bhua a sainordaithe, ar an bhfaisnéis uile is gá de réir phrionsabal 'ar bhonn riachtanais eolais' chun na cumhachtaí a thugtar dóibh leis na Conarthaí a fheidhmiú.'*

3. Tá an tsaincheist maidir le ró-aicmiú don Pharlaimint bunriachtanach, agus i gcomhthéacs sásra á chruthú chun cásanna den sórt sin a phlé, ba cheart go n-áireofaí sa togra an mhír nua seo a leanas (Leasú 37 ó AFCO):

*'(mír nua). I gcás ina mbeidh aon amhras ann maidir le cineál rúnda míre faisnéise nó maidir lena leibhéal iomchuí rúnaicmiúcháin, rachaidh an tionscnóir agus an faighteoir i gcomhairle le chéile gan mhoill agus sula dtarchuirfear an doiciméad. I gcás easaontais, cuirfear an cheist faoi bhráid údaráis pholaitiúla gach institiúide lena mbaineann ionas go bhféadfaidh siad an díospóid a réiteach.'*

4. Tá an cur isteach eachtrach agus an bhréagaisnéis ina mórchontúirt do phróisis dhaonlathacha an Aontais agus ba cheart d'institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais na hacmhainní leordhóthanacha a fháil chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin nua sin. Ba cheart an mhír nua seo a leanas a áireamh sa togra (Leasú 23 ó AFCO):

*'(mír nua). Agus a gcreat maidir le slándáil doiciméad á fhorbairt agus á chur chun feidhme acu, déanfaidh institiúidí agus comhlachtaí an Aontais sláine phróisis dhaonlathacha an Aontais a choimirciú. Glacfaidh siad, inter alia, forálacha sonracha i nósanna imeachta tairisceana chun srian a chur leis an riosca a bhaineann le cur isteach eachtrach i bhfeidhmiú na nósanna imeachta sin. Le forálacha den sórt sin, tabharfar aghaidh, ar a laghad, ar bhonneagar slándála a fháil agus a chothabháil, ar ghrinnfhiosrúchán eagraíochtaí tríú páirtí agus ar imréiteach foirne.'*

5. Iarrann AFET ar an gCoiste LIBE mar an Coiste freagrach athmhachnamh a dhéanamh i dtaobh an soláthraítear le bunú na catagóire 'gnáthfhaisnéis' (Airteagal 13 den togra) buntáistí leordhóthanacha a bheadh níos treise ná na ceanglais riaracháin bhreise a d'eascródh as an gcatagóir faisnéise sin a chruthú agus a chur i bhfeidhm agus as idirdhealú a dhéanamh idir í agus faisnéis 'lena húsáid ag an bpobal'.